2025/2037

23.10.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/2037 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Deireadh Fómhair 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ([2]), tugtar éifeacht do na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES.

(2) An 23 Deireadh Fómhair 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/2036 ([3]), lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES.

(3) Le Cinneadh (CBES) 2025/2036 tugtar isteach critéar breise maidir le liostú na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais, nó a bhíonn ag tacú leo nó á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena rannchuidítear le díbirt, aistriú éigeantach, asamhlú éigeantach, lena n-áirítear síolteagasc, nó oideachas míleatathe mionaoiseach Úcránach.

(4) Le Cinneadh (CBES) 2025/2036, leathnaítear freisin chuig dhá chuideachta árachais atá liostaithe an maolú atá ann cheana a bhaineann le híocaíochtaí ar slánaíocht nó sochar iad a sholáthraítear ar theacht ann do riosca.

(5) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(6) Is iomchuí téarmaíocht a chomhchuibhiú ar fud ghníomhartha dlíthiúla an Aontais agus, ar an gcaoi sin, cur i bhfeidhm comhsheasmhach Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 agus a ailíniú le creataí bearta sriantacha de chuid an Aontais a áirithiú. Tá an comhleanúnachas sin fíor-riachtanach chun débhríocht a sheachaint, chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú agus chun éifeachtacht bhearta sriantacha de chuid an Aontais a áirithiú ar fud córais smachtbhannaí éagsúla. Dá bhrí sin, is iomchuí sainmhínithe ar 'úinéireacht' agus 'rialú' duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta a áireamh i Rialachán (AE) 269/2014, chun ailíniú leis na sainmhínithe a úsáidtear i Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle ([4]).

(7) Is iomchuí freisin soiléiriú a dhéanamh ar an bhforáil maidir le cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine liostaithe a reo agus maidir leis an toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do daoine den sórt sin.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir sin,

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/145(1)/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/269/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2025/2036 ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L, 2025/2036, 23.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2036/oj).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 an 27 Nollaig 2001 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 344, 28.12.2001, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/2580/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear na pointí seo a leanas leis:

'(i) ciallaíonn "úinéireacht" duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta seilbh 50 % nó níos mó de chearta dílseánaigh duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta a bheith ag duine, nó leas tromlaigh a bheith aige iontu;

(j) ciallaíonn duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a "rialú" an méid seo a leanas, ach níl sé teoranta dó:

(i) an ceart a bheith aige nó an chumhacht a fheidhmiú tromlach na gcomhaltaí de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta duine dhlítheanaigh, eintitis nó chomhlachta a cheapadh nó a chur as oifig;

(ii) tromlach na gcomhaltaí de chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta a bhí i seilbh oifige le linn na bliana airgeadais reatha agus le linn na bliana airgeadais roimhe sin a cheapadh, trí bhíthin cearta vótála a fheidhmiú agus trína bhíthin sin amháin;

(iii) de bhun comhaontú le scairshealbhóirí eile nó le comhaltaí de dhuine dlítheanach, d'eintitis nó de chomhlacht, tromlach chearta vótála na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí sa duine dlítheanach, san eintiteas nó sa chomhlacht sin a rialú go haonarach;

(iv) an ceart a bheith aige tionchar ceannasach a fheidhmiú ar dhuine dlítheanach, ar eintiteas nó ar chomhlacht, de bhun comhaontú arna dhéanamh leis an duine dlítheanach, leis an eintiteas nó leis an gcomhlacht sin nó de bhun foráil ina Mheabhrán nó ina Airteagail Chomhlachais, i gcás ina gceadaíonn an dlí lena rialaítear an duine dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht sin é a bheith faoi réir comhaontú nó foráil den sórt sin;

(v) an chumhacht a bheith aige, *de facto*, an ceart tionchar ceannasach a fheidhmiú dá dtagraítear i bpointe (iv) a fheidhmiú, gan bheith ina shealbhóir ar an gceart sin;

(vi) an ceart a bheith aige sócmhainní uile nó cuid de shócmhainní duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta a úsáid;

(vii) gnó duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta a bhainistiú ar bhonn aontaithe, agus cuntais chomhdhlúite a fhoilsiú an tráth céanna; nó

(viii) dliteanais airgeadais duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta a chomhroinnt go comhpháirteach agus go leithleach, nó iad a ráthú.';

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'*Airteagal 2*

1. Na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha uile ar le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I iad, atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, déanfar iad a reo.

2. Ní chuirfear aon chiste ná aon acmhainn eacnamaíoch ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d'eintitis ná do chomhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I, ná ní chuirfear ar fáil iad chun tairbhe na ndaoine, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí sin.';

(3) in Airteagal 3(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(l) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais, nó a bhíonn ag tacú leo nó á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena rannchuidítear le díbirt, aistriú éigeantach, asamhlú éigeantach, lena n-áirítear síolteagasc, nó oideachas míleataithe mionaoiseach Úcránach,';

(4) in Airteagal 6b, leasaítear mír 5e mar seo a leanas:

(a) san fhoclaíocht tosaigh, cuirtear na focail 'eintitis a liostaítear faoi uimhreacha iontrála 56, 270 agus 579' in ionad na bhfocal 'eintiteas a liostaítear faoi uimhir iontrála 270';

(b) i bpointe (a), cuirtear na focail 'eintitis a liostaítear faoi uimhreacha iontrála 56, 270 agus 579' in ionad na bhfocal 'eintitis a liostaítear faoi uimhir iontrála 270'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BJERRE